An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Iarraidh ar Aighneachtaí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Dréachtscéim Teanga á hullmhú don Roinn Oideachais agus Scileanna don tréimhse 2019 - 2022

Tá sé i gceist ag an Roinn Oideachais agus Scileanna scéim teanga Gaeilge nua a dhréachtadh de réir alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá sé mar aidhm ag Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 líon agus caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a chuireann comhlachtaí poiblí ar fáil don phobal a mhéadú agus a fheabhsú.

Beidh an scéim nua, a ghlacfaidh ionad tríú scéim na Roinne, curtha i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ó 2019-2022.

Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréachtscéime á lorg ag an Roinn anois ó pháirtithe leasmhara. Seol bhur n-aighneachtaí chugainn le do thoil i bhfoirm leictreonach go gaeilge@education.gov.ie nó tríd an bpost go: Aonad Forbartha Corparáidí, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Sráid Maoilbhríde, Baile Átha Cliath 1 D01 RC96.

'Sé an spriocdháta d'aighneachtaí a fháil ná 5 i.n. Dé Céadaoin 3 Iúil 2019.

Is féidir tríú scéim na Roinne a fheiceáil ar láithreáin gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Seirbhís do Chustaiméirí/Scéim Teanga Gaeilge. Is féidir cóip di a iarraidh freisin ach ríomhphost nó litir a chur chuig an seoladh thuas.

Tá tuilleadh eolais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla ar fáil ag www.pobail.ie agus www.coimisinéir.ie .

Fógra maidir le Saoráil Faisnéise

Tabhair do d'aire go mbeidh na haighneachtaí faoi réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (tá sonraí ar fáil ag http://www.education.ie/en/The-Department/FOI/).